



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14678/26

DENLEG 105
FOOD 144
SAN 725

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	An Coimisiún Eorpach
dáta a fuarthas:	19 Deireadh Fómhair 2026
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D118036/02
Ábhar:	RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear larscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 a mhéid a bhaineann le teorainn ascnaimh le haghaidh na substainte stiréin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D118036/02.

Faoi iamh: D118036/02



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, **XXX**
PLAN/2025/2339
[POOL/E2/2025/2339/2339-EN
V4.docx] D118036/02
[...](2026) **XXX**

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 a mhéid a bhaineann le teorainn ascnaimh le haghaidh na substainte stíréin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 a mhéid a bhaineann le teorainn ascnaimh le haghaidh na substainte stiréin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus earraí a bheartaítear lena dteacht i dtadhall le bia agus lena n-aisghairtear Treoir 80/590/CEE agus Treoir 89/109/CEE¹, agus go háirithe Airteagal 5(1), an dara fomhír, pointí (a) agus (e) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún² leagtar síos rialacha sonracha a mhéid a bhaineann le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia. Go háirithe, le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin bunaítear liosta Aontais de shubstaintí údaráithe a fhéadfar a úsáid d'aon ghnó i monarú ábhar plaisteach agus earraí plaisteacha a bheartaítear lena dteacht i dtadhall le bia.
- (2) Údaraítear an tsubstaint 'stiréin' (Uimh. FCM 193) lena húsáid mar mhonaiméir nó mar shubstaint tosaithe gan teorainn ascnaimh shonrach ('TAS') ná srianta sonracha eile. Tá an t-údarú sin bunaithe ar thuairim ón gCoiste Eolaíoch um Bia ón 5 Márta 1982³. Chuir an Coiste Eolaíoch um Bia stiréin i liosta 4B⁴, lena gcuimsítear substaintí nárbh fhéidir Iontógáil Laethúil Infhulaingthe ('TDI') a bhunú ina leith, ach a d'fhéadfaí a úsáid go sábháilte má laghdaítear a mhéid is féidir leibhéil na n-iarmhar monaiméirí in ábhair phlaisteacha agus in earraí plaisteacha atá beartaithe lena dteacht i dtadhall le bia.
- (3) In 2018, rinne an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse ('GITA') meastóireacht ar stiréin agus ar a meitibilít phríomhúil stiréin 7,8-ocsaíd araon agus rinne sí iad a aicmiú in 2020 mar shubstaintí 'ar dócha iad a bheith carcanaigineach i

¹ IO L 338, 13.11.2004, lch. 4, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2004/1935/oj>.

² Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha atá beartaithe lena dteacht i dtadhall le bia (IO L 12, 15.1.2011, lch. 1 ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/10/oj>).

³ *Scientific Committee for Food. Styrene monomer* [An Coiste Eolaíoch um Bia. Monaiméir stiréine] (Tuairim a cuireadh in iúl an 5 Márta 1982). [An Tríú Sraith Déag \(1982\)](#). (Uimh. Chatalóige EUR 7982 -DA-DE-EN-FR-IT-NL)

⁴ *Scientific Committee for Food. Report on the Compilation of the evaluations of the Scientific Committee for Food on certain monomers and additives used in the manufacture of plastics materials intended to come into contact with foodstuffs expressed until 21st March 1997*. [An Coiste Eolaíoch um Bia. Tuarascáil maidir le Bailiúchán Mheastóireachtaí an Choiste Eolaíoch um Bia ar mhonaiméirí áirithe agus ar bhreiseáin a úsáidtear i monarú ábhar plaisteach a bheartaítear lena dteacht i dtadhall le bia, arna cur in iúl go dtí an 21 Márta 1997.] [An Dara Sraith is Ceathracha \(2000\)](#). (Chatalóige: GT-29-98-001-EN-C, ISBN 92-828-5886-3).

gcás daoine⁵. I bhfianaise na meastóireachta sin, an 5 Nollaig 2018 thug an Coimisiún sainordú don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') meastóireacht a dhéanamh an mbeadh údarú stiréine dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 fós i gcomhréir le ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004. I gcás ina gcinneadh an tÚdarás nach mbeadh an t-údarú sin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, iarradh air freisin a shonrú cé na coinníollacha faoina bhféadfaí an tsubstaint a úsáid go sábháilte, ar choinníoll go bhféadfaí é sin a chinneadh trí úsáid a bhaint as na sonraí ó GITA.

- (4) An 9 Meán Fómhair 2020 ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch⁶ inar thángthas ar an gconclúid nach féidir conclúidí GITA a chur i bhfeidhm go díreach maidir leis an meastóireacht ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí a bhaineann le nochtadh tríd an mbéal do stiréin. Mar sin féin, ní fhéadfadh an tÚdarás ábhar inní a chur as an áireamh maidir le géineatocsaineacht a bhaineann le nochtadh tríd an mbéal do stiréin. Chun measúnú iomlán a dhéanamh ar ghéineatocsaineacht fhéideartha stiréine agus chun teacht ar chonclúid maidir lena sábháilteacht i gcás ina n-úsáidtear í in ábhair bhia-thadhaill phlaisteacha, mheas an tÚdarás go mbeadh gá le hathbhreithniú córasach ar ghéineatocsaineacht agus le sonraí breise. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin go mbeadh ascnamh stiréine ó ábhair bhia-thadhaill isteach sa chuid is mó de bhianna faoi bhun 0,01 mg/kg, ach go bhféadfadh sé a bheith chomh hard le 0,23 mg/kg i roinnt bianna sailleacha, agus go bhféadfadh rioscaí sláinte a bheith mar thoradh ar úsáid stiréine in ábhair bhia-thadhaill phlaisteacha, gan teorainn ascnaimh.
- (5) Chun aghaidh a thabhairt ar an éiginnteacht atá fós ann maidir le géineatocsaineacht, an 4 Bealtaine 2023 thug an Coimisiún sainordú nua don Údarás inar iarradh air meastóireacht a dhéanamh an bhfuil stiréin géineatocsaineach tar éis nochtadh tríd an mbéal agus an mbeadh úsáid stiréine, dá ndéanfaí í a údarú i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 agus faoi réir TAS 0,04 mg/kg bia, bunaithe ar threoirluach EDS maidir le huisce óil⁷, an mbeadh an úsáid sin i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004.
- (6) An 8 Bealtaine 2025 ghlac an tÚdarás tuairim⁸ inar thángthas ar an gconclúid nach raibh aon fhianaise ann go bhfuil stiréin géineatocsaineach tar éis nochtadh tríd an mbéal agus nach mbeadh a húsáid ina hábhar inní sábháilteachta dá bhfhanfadh a hascnamh faoi bhun 0,05 mg/kg bia agus léirigh an tSaotharlann Tagartha Eorpach⁹ i dtástáil inniúlachta go mbeadh na Saotharlanna Tagartha Náisiúnta agus na Saotharlanna

⁵ Kogevinas M., Gwinn W., Kriebel D. et al. *Carcinogenicity of quinoline, styrene, and styrene-7,8-oxide. The Lancet Oncology*, 2018, 728-729. [Carcinogenicity of quinoline, styrene, and styrene-7,8-oxide - The Lancet Oncology](#). IARC Monographs on the Evaluation of Carcinogenic Risks to Humans. Volume 121: Styrene, styrene-7,8-oxide, and quinoline (2019). [IARC Publications Website - Styrene, Styrene-7,8-oxide, and Quinoline](#).

⁶ Painéal EFSA ar Ábhair a bhíonn i dTadhall le Bia, Einsímí agus Áiseanna Próiseála (2020). Measúnú ar thionchar Mhionagraf GITA Imleabhar 121 ar shábháilteacht na substainte stiréin (Uimh. FCM 193) lena húsáid in ábhair phlaisteacha bhia-thadhaill. *Iris EFSA* 2020;18(10):6247. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.6247>.

⁷ In 2022, dhíorthaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) TDI 7,7 µg/kg meáchan coirp/lá le haghaidh stiréine in uisce óil. *Guidelines for drinking water quality*, lch. 465, an 4ú heagrán, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte 2022, é bunaithe ar phríomh-mheasúnú ó 2003. [Guidelines for drinking-water quality: fourth edition incorporating the first and second addenda](#).

⁸ Painéal EFSA maidir le hÁbhair Bia-Thadhaill (2025). Athmheasúnú ar na rioscaí don tsláinte phoiblí a bhaineann le géineatocsaineacht stiréine atá in ábhair phlaisteacha bia-thadhaill. *Iris EFSA* 2025;23(6):9473. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.6158>.

⁹ Stiréin i mbainne a chinneadh. FCM-23/02 Tuarascáil ar Thástáil Inniúlachta. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, <https://data.europa.eu/doi/10.2760/1868>.

Rialaithe Oifigiúla rannpháirteacha in ann comhlíonadh TAS arna shocrú ar an leibhéal sin a fhíorú. Dá bhrí sin, is iomchuí TAS de 0,05 mg/kg bia a shocrú maidir le húsáid stiréine i monarú ábhar bia-thadhaill plaisteach.

- (7) I gcomhréir le hAirteagail 18(2) agus 18(3) de Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, féadfar comhlíonadh TAS an ábhair bia-thadhaill nach bhfuil i dtadhall le bia go fóill a fhíorú i mbia nó in ionsamhlaigh bhia a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin nó trí chuir chuige scagthástála a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i gCaibidil 2, Roinn 2,2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán céanna. Mar sin féin, sa tuairim ón Údarás in 2020 maidir le stiréin, thug sé dá aire go bhféadfadh leibhéil ascnaimh stiréine i bhfad níos airde a bheith mar thoradh ar thástáil a dhéantar ar an ascnamh stiréine ó ábhar bia-thadhaill isteach i mbia i gcás ina n-úsáidtear ionsamhlaigh bhia áirithe, faoi na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, ná mar a bheadh i gcás ina n-úsáidtear bia iarbhír, mar gheall ar an tionchar a bhíonn ag ionsamhlaigh bhia áirithe ar airíonna ábhar plaisteach stiréinbhunaithe. Dá bhrí sin, mura gcomhlíonann ábhar nó earra TAS i bhfíorú arna dhéanamh in ionsamhlaigh bhia nó i scagadh comhlíontachta i gcomhréir le hAirteagal 18(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, ba cheart conclúid neamhchomhlíonta a dheimhniú trí thástáil i mbia. Is gnách go dtagann méadú ar ascnamh stiréine isteach i mbia i gcás ina mbíonn cion saille níos airde i mbia, agus dá bhrí sin, ba cheart an bia atá le húsáid chun comhlíonadh a fhíorú a roghnú chun an chuid is measa de na dálaí úsáide atá beartaithe agus intuartha maidir le hascnamh stiréine isteach i mbia a léiriú. Ba cheart nóta maidir le comhlíonadh a fhíorú a thabhairt isteach chuige sin.
- (8) Agus an chonclúid ón Údarás á cur san áireamh, is é sin, i gcás fhormhór na mbianna a phacáiltear i bplaistigh a mhonaraítear le stiréin, go mbeadh leibhéil ascnaimh stiréine faoi bhun 0,01 mg/kg bia¹⁰, d'fhéadfadh an t-aistriú chuig úsáid TAS a bheith tapa. Dealraíonn sé, áfach, nach cleachtas coiteann faoi láthair é ascnamh stiréine a thástáil, agus, dá bhrí sin, go dteastaíonn am ó oibreoirí chun na córais a bhunú le haghaidh tástáil den sórt sin. Dá bhrí sin, chun am leordhóthanach a thabhairt d'oibreoirí oiriúnú do na hathruithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo, agus chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú, is iomchuí maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a chomhlíonann Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, de réir mar is infheidhme roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus aon reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais, go dtabharfaí cead iad a chur ar an margadh den chéad uair ar feadh idirthréimhse 18 mí. Thairis sin, ós rud é gur gnách go mbíonn soláthar táirgí ó chéimeanna idirmheánacha monaraíochta ag oibreoirí eile i gceist le táirgeadh ábhar plaisteach deiridh agus earraí plaisteacha deiridh, ba cheart a cheangal ar oibreoirí a chuireann táirgí idirmheánacha agus substaintí ar an margadh ar nithe iad nach gcomhlíonann an Rialachán seo go fóill, úsáideoirí na dtáirgí nó na substaintí sin a chur ar an eolas nach féidir iad a úsáid chun ábhair bhia-thadhaill phlaisteacha atá le cur ar an margadh a mhonarú tar éis dheireadh na hidirthréimhse.
- (9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 a leasú dá réir sin.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

¹⁰ Painéal EFSA ar Ábhair a bhíonn i dTadhall le Bia, Einsímí agus Áiseanna Próiseála (2020). Measúnú ar thionchar Mhonagraf GITA Imleabhar 121 ar shábháilteacht na substainte stiréin (Uimh. FCM 193) lena húsáid in ábhair phlaisteacha bhia-thadhaill. *Iris EFSA* 2020;18(10):6247. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.6247>.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Article 2

Bearta idirthréimhseacha

1. Ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a chomhlíonann Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 de réir mar is infheidhme roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus aon reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais, ar ábhair agus earraí iad a cuireadh ar an margadh den chéad uair roimh an *[cuirtear isteach dáta atá cothrom le 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh go dtí go mbeidh na stoic ídithe.
2. I gcás táirge ó chéim idirmheánach de mhonaraíocht ábhar plaisteach agus earraí plaisteacha nó substaint a bheartaítear le haghaidh monaraíocht táirge, ábhair nó earra den sórt sin, ar táirge nó substaint é nó í a chomhlíonann Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 de réir mar is infheidhme roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus a chuirtear ar an margadh den chéad uair tar éis an *[cuirtear isteach dáta 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]* agus nach gcomhlíonann an Rialachán seo, léireofar sa dearbhú comhlíontachta a ghabhann leis an tsubstaint nó leis an táirge sin nach gcomhlíonann sí nó sé an Rialachán seo, agus nach féidir í nó é a úsáid ach amháin i monaraíocht ábhar plaisteach agus earraí plaisteacha atá le cur ar an margadh roimh an *[cuirtear isteach an dáta 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN